

**Treoir i leith ráitis agus ceistanna coitianta a réiteach sa chás  
go dtagann difríochtaí aníos.**

The information in this document is provided as a guide only and is not professional advice, including legal advice. It should not be assumed that the guidance is comprehensive or that it provides a definitive answer in every case.

## 1. Cuspóir an doiciméid

Tugtar achoimre ghairid sa doiciméad seo ar phróiseas na ráiteas. Mínítear na gnáthchúiseanna go bhféadann difríocht a bheith idir figiúirí iomlána ar ráiteas ROS agus na figiúirí a bhfuiltear ag súil leo. Tugtar treoir ann chomh maith ar an gcaoi lena bhféadann fostóir na difríochtaí seo a réiteach nuair a thagann siad aníos.

## 2. Dualgais fostóra

Tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis párolla a thíolactar i dtíolacthaí párolla agus sa tuairisceán cruinn.

Tá gach tíolacadh párolla agus tuairisceán bailí a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil ar ROS. Sa chás nach bhfuil an fostóir sásta go léiríonn an ráiteas ROS na híocaíochtaí a rinneadh leis na fostaithe, tá sé de dhualgas ar an bhfostóir na ceartúcháin chuí a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil difríocht idir an fhaisnéis i bpacáiste párolla fostóra agus sna ráitis nó tuairisceáin ar ROS, ba chóir é seo a scrúdú agus a cheartú chomh luath agus is féidir.

## 3. Léargas ginearálta ar ráitis, tuairisceáin agus íocaíochtaí.

Cuireann an Ráiteas Cuntais Ar Líne léargas ginearálta ar fáil d'fhostóirí ar gach ceann dá gclárúcháin cánach fostóra. Léirítear ann an suíomh airgeadais foriomlán, lena n-áirítear na dliteanais dhearbhaithe, na híocaíochtaí atá déanta agus an t-iarmhéid atá dlite le hóc.

### Welcome to your Online Statement of Account

This information is accurate as of 07/02/19 13:06 for PAYE-Emp only, as applicable.  
Please note returns/payments may take 3-5 working days to appear on this Statement.

#### Tax Type Details

PAYE-EMP

[Registration Details](#)

Tax Type	Reg No.
PAYE-EMP	12345678H

#### Period Details

The period details breakdown/search will show information from 2019 onwards and is applicable to PAYE-EMP only.  
The due dates are extended to the 23rd of the month following the end of the tax period for those who FILE and PAY on ROS.

[Q Search](#)

	Start Date	End Date	Payment Due Date	Liability €	Collections €	Balance €	Status	Action
^ 2019								
v Monthly								
Return	01/01/2019	31/01/2019	14/04/2019	4,188.81	0.00	4,188.81	Accepted	<a href="#">View Return</a>

<sup>1</sup> Liability is only established when a statement has been accepted or deemed a return

<sup>2</sup> Payments will not be reflected in the period balance until the Monthly Statement is Accepted or Deemed

<sup>3</sup> There is an Assessment in the period which will not be displaced by a return

Féadtar an bhliain agus na míonna a leathnú amach le go bhfeicfidh tú briseadh síos ar na ráitis mhíosúla, tuairisceáin, creidmheasanna agus íocaíochtaí atá mar cuid den ráiteas cuntais.

	Start Date	End Date	Payment Due Date	Liability €	Collections €	Balance €	Status	Action
^ 2019								
^ Monthly								
Return	01/01/2019	31/01/2019	14/04/2019	4,188.81	0.00	4,188.81	Accepted	<a href="#">View Return</a>
Transaction Type		Updated		Liability Effect €	Collections Effect €			
Statement		02/02/2019		4,188.81 <sup>1</sup>	0.00			
Accepted Return		05/02/2019		4,188.81	0.00		<a href="#">View Return</a>	

<sup>1</sup> Liability is only established when a statement has been accepted or deemed a return

<sup>2</sup> Payments will not be reflected in the period balance until the Monthly Statement is Accepted or Deemed

<sup>3</sup> There is an Assessment in the period which will not be displaced by a return

### **Ráitis Mhíosúla**

- Taobh istigh den Ráiteas Cuntais Ar Líne, déantar achoimre ann, i bhfoirm ráitis mhíosúil, ar na tíolachtaí a rinneadh sa mhí. Tugtar an ‘ráiteas’ ar an ráiteas achomair ar thíolachtaí. Is éard atá ann ná iomlán na dtíolachtaí párolla bailí a rinneadh i leith na tréimhse. An dáta dlite a léirítear ar an ráiteas seo ná dáta dlite an tuairisceáin, agus ní an dáta dlite íocaíochta.
- Cruthóidh na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas nua faoin 5ú lá de gach mí. Feictear na luachanna iomlána sa ráiteas do na tíolachtaí párolla bailí a rinneadh a bhfuil dáta íocaíochta acu sa mhí párolla roimhe sin. Féadann fostóirí [na ráitis seo a fheiceáil sa Ráiteas Cuntais ar ROS](#).
- Gach mí, ba chóir don fhostóir athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas. Mura bhfuil an fostóir sásta le hiomlán an ráitis, ní mór don fhostóir ansin na ceartúcháin nó tíolachtaí párolla riachtanacha a dhéanamh chun iomlán an ráiteas a cheartú.
- Má tá difríocht idir an fhaisnéis ar do ráiteas agus an fhaisnéis i do phárolla, ba chóir é a scrúdú agus ba chóir d’fhostóirí aon cheartúcháin riachtanacha a dhéanamh.
- Má dhéantar athruithe roimh an 14ú lá den mhí, cruthóidh na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas athbhreithnithe tar éis gach tíolachta. Marcáilfear an ráiteas roimhe mar ráiteas neamhghníomhach.
- Cuirfear ráitis ar fáil gach mí in ROS le haghaidh gach fostóir, is cuma a minicíocht íocaíochta.
- I gcás custaiméirí a bhfuil clárúcháin fostóra iomadúla acu, gheobhaidh siad ráiteas i leith gach uimhir chlárúcháin agus beidh siad in ann an a rogha clárúcháin fostóra is mian leo a fheiceáil a roghnú.
- Toisc nach ndeimhnítear an dliteanas míosúil go dtí go nglacfar leis an ráiteas nó go meastar gurb é an tuairisceán, ní léireofar na dliteanas ar an ráiteas san iarmhíd sa Ráiteas Cuntais ar líne go dtí go nglacfar leis an ráiteas nó go measfar é

## Tuairisceáin

- Má tá an fostóir sásta leis an ráiteas, ba chóir don fostóir [glacadh leis an ráiteas](#). De bhun glacadh leis an ráiteas, tá an fostóir ag déanamh tuairisceán reachtúil i leith na tréimhse dá dtagraíonn an ráiteas.
- Mura nglacann an fostóir leis an ráiteas faoi am dúnta gnó ar an 14ú, measfar gurb é an ráiteas an Tuairisceán reachtúil don fostóir sin. In éagmuis aon tíolachtaí párolla, tiocfaidh tuairisceán nialasach (is é sin luach nialasach) de bheith mar an tuairisceán reachtúil. Tá an dualgas ar fostóirí tuairisceán iomlán a dhéanamh le haghaidh gach íocaíochta a dhéantar le fostaithe. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Caibidil 19 den treoir leabhar ÍMAT d'fhostóirí ag [Employers Guide to PAYE](#).
- Nuair a bheidh an ráiteas glactha, nó measta a bheith ina thuairisceán, beidh cóip den tuairisceán ar fáil sa ráiteas cuntais ar líne agus beidh dliteanas an tuairisceáin seo ar léiriú in iarmhéid dlite an ráitis cuntais.
- I gcás ceartúcháin a dhéantar tar éis an tuairisceán a bheith tíolactha (nó measta ar an 14ú den mhí), tuairisceán leasaithe a bheidh mar thoradh air, agus féadfaidh sé go n-éireoidh ús agus pionóis aníos ina leith.

## Íocaíochtaí

- Nuair a bheidh an ráiteas glactha, nó measta a bheith ina thuairisceán, éireoidh na dliteanas iomlána de bheith dlite agus ní mór íocaíocht a dhéanamh faoin dáta íocaíochta dlite.
  - Ní mór d'fhostóirí íoc [ar a ndáta dlite íocaíochta, nó roimhe sin](#) de réir a dtréimhse íocaíochta, de ghnáth faoin 23ú den mhí. Tá tuilleadh eolais maidir le hÍocaíochtaí ar fáil i gCaibidil 18 de [Treoir d'Fhostóirí i leith ÍMAT](#).
  - Tar éis glacadh leis an ráiteas, cuirtear admháil faoi do bhráid, agus tugtar an rogha duit Íoc Anois nó Íoc Ar Ball. Má roghnaíonn tú an rogha "Íoc ar ball", ní mór duit ROS a úsáid ar leithligh chun íocaíocht a thíolacadh faoin dáta dlite íocaíochta leis an áis Íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí in ROS. Tá réimse roghanna íocaíochta ar fáil leis an áis seo, lena n-áirítear [Dochar Díreach Athraitheach](#)
  - Ní mór d'íocóirí ráithiúla agus bliantúla an méid seo a leanas a dhéanamh: tíolachtaí párolla a dhéanamh ag an am a íocann siad fostaithe, nó roimhe sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis mhíosúla, agus glacadh le ceartúcháin iarrtha, nó ceartúcháin iarrtha a dhéanamh faoin 14ú de gach mí.
- Ní mór d'íocóirí ráithiúla agus míosúla íocaíocht a dhéanamh 14 lá tar éis deireadh gach ráithe/bliana (23 lá i gcás úsáideoirí ROS a dhéanann tíolacadh agus íocaíocht ar líne). Féach an fhaisnéis ar [dhátaí dlite íocaíochta](#).

## 4. Cúiseanna coitianta go bhféadfadh difríocht a bheith idir iomlán Ráitis agus iomláin a bhfuiltear ag súil leo.

1. **Míreanna líne bailí** – Bhí faisnéis neamhbhailí i leith fostaí san áireamh i dtíolacadh a rinne an fostóir. Mar chuid den phróiseas tíolactha, beidh sé curtha in iúl ag na Coimisinéirí loncaim go raibh míreanna líne neamhbhailí sa tíolacadh. Ní dhéanfar míreanna neamhbhailí a phróiseáil ná a chur san áireamh sa ráiteas míosúil. Beidh glactha ag na Coimisinéirí loncaim leis na taifid bhailí a tíolacadh agus beidh siad ar léiriú sa ráiteas.

Féadann na fostóirí ROS a úsáid chun féachaint ar gach tíolacadh a rinneadh agus féachaint ar na míreanna líne a diúltaíodh mar mhíreanna neamhbhailí. Ba chóir don fhostóir ceartúchán a dhéanamh don chúis a diúltaíodh an mhír líne agus tíolacadh a dhéanamh leis an bhfaisnéis cheartaithe do na míreanna líne neamhbhailí.

2. **Tíolacthaí i nDúblach.** – Rinne an fostóir tíolacadh ina raibh faisnéis duillín pá ann go mícheart i leith fostaí a tíolacadh faisnéis ina leithe cheana. Tá glactha ag na Coimisinéirí loncaim leis na míreanna líne tíolactha seo agus tá siad san áireamh sa ráiteas míosúil toisc go raibh an t-aitheantas tíolactha agus na haitheantais míre líne difriúil ó thíolacthaí roimhe seo.

Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as ROS chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dtíolacthaí agus aon dúblaigh a aithint a tíolacadh go hearráideach. Nuair a bheidh an tíolacadh i ndúblach seo aitheanta, ba chóir é a scríosadh.

3. **Tá dátaí pá san áireamh sa tíolacadh a chlúdaíonn míonna éagsúla (Míreanna Sonraí do Thréimhsí Iomadúla)** – Bhí faisnéis phá i leith breis agus mí amháin san áireamh i dtíolacadh a rinne an fostóir. Níl ach na míreanna líne tíolactha aonair a bhfuil dátaí pá acu sa mhí san áireamh sa ráiteas míosúil. Cuirfear míreanna líne le dátaí ó mhíonna eile san áireamh sa ráiteas ábhartha do na míonna sin.

Sainithníodh cásanna le híocaíochtaí a rinneadh gar do thús/deireadh míosa agus a tíolacadh go neamhbheartaithe le dáta pá sa mhí roimhe/ina dhiaidh. I gcásanna den chineál seo, ba chóir don fhostóir na dátaí pá a thuairiscíonn an bogearra párolla a sheiceáil.

Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as ROS chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dtíolacthaí. Léireofar teachtaireacht rabhaidh i leith ráiteas a bhfuil míreanna líne iontu le tréimhsí iomadúla. I gcásanna den chineál seo, ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí tíolactha le cinntiú go bhfuil na dátaí pá uile ceart. Sa chás go dtíolactar mír líne le dáta pá mícheart, ba chóir an mhír líne seo a leasú.

4. **Tíolacthaí a dhéantar le modhanna iomadúla** - Rinneadh tíolacthaí le breis agus modh tíolactha amháin. Léireofar sa ráiteas ó na Coimisinéirí loncaim gach tíolacadh, is cuma cé acu ar tíolacadh iad tríd an bpárolla, le huaslódáil comhad nó le hiontráil dhíreach in ROS. Folaíonn sé seo tíolacthaí a rinneadh an chéad uair tríd an bpárolla agus a tíolacadh ina dhiaidh sin trí ROS (nó a mhalairt).

Féadann fostóirí úsáid a bhaint as ROS chun féachaint ar gach tíolacadh le scrúdú a

dhéanamh ar cé acu an bhfuil an fhaisnéis tíolactha, nó leasaithe, cruinn.

5. **Pá agus sonraí fostaithe fágtha ar lár i leith míosa** – Ní bhfuair na Coimisinéirí loncaim tíolacadh bailí ón bhfostóir i leith íocaíochtaí a bhfuil dáta pá acu i mí an ráitis. Ní mór don fhostóir an fhaisnéis ar lár a thíolacadh.
6. **Ráiteas nialasach/Tuairisceán nialasach** – Ní dhearnadh aon tíolacthaí sa tréimhse i leith Clárúcháin Fostóra. Eiseoidh na Coimisinéirí loncaim ráiteas luacha nialasaigh sa chás nach bhfuarthas aon tíolacthaí párolla sa mhí sin i leith an chlárúcháin sin. Féadann ráiteas nialasach a bheith bailí sa chás nach ndearna fhostóir aon íocaíochtaí sa tréimhse.

Sa chás gur eisíodh ráiteas nialasach, ba chóir don fhostóir athbhreithniú a dhéanamh ar a gclárúcháin uile agus a bheith sásta go bhfuil an ráiteas nialasach ceart. Mura bhfuil ráiteas nialasach ceart, ba chóir don fhostóir tíolacadh/tíolacthaí párolla a dhéanamh.

## 5. Ceartúcháin a dhéanamh

Ní mór don fhostóir athbhreithniú a dhéanamh ar na tíolacthaí párolla chun aon earráidí/easnaimh a aithint agus ansin tíolacadh a dhéanamh chun iad seo a cheartú. Cruthóidh na Coimisinéirí loncaim ráiteas athbhreithnithe tar éis gach ceann de na tíolacthaí breise má fhaightear iad faoin 14ú den mhí. Má fhaightear na tíolacthaí párolla tar éis an 14ú den mhí, cruthófar tuairisceán leasaithe.

- Ceartúcháin a dhéanamh trí phacáiste párolla.
  - Cuir an fhaisnéis in ROS i gcomparáid leis an bhfaisnéis sa phacáiste párolla chun na hathruithe riachtanacha a shainaithint.
  - Ba chóir go ligfeadh an pacáiste bogearraí párolla ligean duit tíolacthaí ar lár a thíolacadh, tíolacthaí i ndúblach a scriosadh, nó tíolacthaí míchearta a leasú. Féach ar na doiciméid bogearraí párolla le haghaidh cabhrach.
  - Fíoraigh go bhfuil na ceartúcháin tíolactha i gceart trí fhéachaint ar an ráiteas athbhreithnithe in ROS.
- Ceartúcháin a dhéanamh in ROS
  - Féadtar ROS a úsáid chun aon tíolacadh roimhe a leasú, fiú má tíolacadh é le pacáiste párolla.  
Má bhaineann tú úsáid as pacáiste párolla chun tíolacthaí párolla a dhéanamh, is fearr úsáid a bhaint as an bpacáiste párolla chun na ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh. Má bhaintear úsáid as ROS chun tíolacadh a leasú a rinneadh leis an mbogearra párolla, is dócha go gcruthófar difríochtaí idir taifid an phacáiste bogearraí agus na taifid ROS.
  - Ní mór ceartúcháin agus scriostaí do thíolacthaí a dhéantar in ROS a dhéanamh ceann amháin ag an am. Níl aon áis in ROS chun nuashonruithe i mbulc a dhéanamh, tá an áis seo ar fáil trí bhogearraí párolla.
  - Ba chóir cúram ar leith a ghlacadh le cinntiú gurb é an t-aitheantas fostaíochta a úsáid nuair atá tíolacthaí á ndéanamh, an t-aitheantas ceart fostaíochta le haghaidh an fhostaí. **Má bhaintear úsáid as aitheantas fostaíochta mícheart, féadfaidh sé go gcruthófar fostaíochta agus fógraí FPCI neamhbheartaithe.**

Bain úsáid as ROS chun féachaint ar na fostaíochtaí gníomhacha leis an aitheantas fostaíochta ceart a dheimhniú roimh thíolacadh a dhéanamh.

- Tá trí rogha ar fáil nuair a dhéantar ceartúcháin le ROS. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh orthu seo chun rogha a roghnú a réiteoidh an deacracht.

#### 1. Scríos mír líne tíolactha mícheart reatha

Bain úsáid as an rogha seo nuair is mian leat tíolacadh a bhaint, mar shampla, nuair atá tíolacthaí i ndúblach ann.

Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha is mian leat a scriosadh a aimsiú (féach an físeán ar an gcaoi le féachaint ar an bpárolla ar [féach an físeán ar an gcaoi le féachaint ar an bpárolla](#)), cliceáil ar 'Féach' chun féachaint ar shonraí na míre líne tíolactha, agus nuair atá tú sásta gurb é sin an mhír líne is mian leat a scriosadh, féadtar an rogha 'scríos' a roghnú.

#### 2. Mír líne tíolactha mícheart reatha a leasú

Bain úsáid as an rogha seo nuair is mian leat na roghanna i dtíolacadh párolla a leasú.

Bain úsáid as ROS chun an mhír líne tíolactha is mian leat a leasú a aimsiú (féach [an físeán ar an gcaoi le féachaint ar an bpárolla](#)), cliceáil ar 'Féach' chun féachaint ar shonraí na míre líne tíolactha.

Nuair atá tú sásta gurb é sin an mhír líne is mian leat a leasú, féadtar an rogha 'leasaigh' a roghnú agus luachanna an tíolactha a athrú. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an bhfoirm seo a chomhlánú, féach an [físeán ar an gcaoi le párolla a thíolacadh le foirm ar líne](#)

#### 3. Cruthaigh tíolacadh nua

Bain úsáid as an rogha seo chun tíolacadh nua a chruthú, mar shampla nuair atá tíolacadh ar lár.

Lean na céimeanna atá leagtha amach i [do phárolla a chur isteach de láimh trí ROS](#)

## 6. Breis eolais

Chun cabhrú le fostóirí, tá eolas ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar [dhualgais fostóra agus daoine á bhfostú](#), agus treoir maidir leis na [saincheisteanna is minice](#) bhíonn ag fostóirí. Chomh maith leis sin, tá [Treoir d'Fhostaithe i leith ÍMAT](#) ar fáil a bhfuil sonraí ann faoin bpróiseas ÍMAT.

Má bhíonn deacrachtaí ag fostóirí a gcuid dualgais a chomhlíonadh nó má tá aon cheisteanna acu maidir le Fostóirí ÍMAT, is féidir leo an tseirbhís slán 'M'Fhiosruithe' ar ROS a úsáid chun sonraí iomlána faoi d'fhiosrúchán a sholáthar. Le cinntiú go seoltar d'fhiosrú fostóra don fhoireann cheart lena bhfreagairt, roghnaigh 'ÍMAT Fostóra' le haghaidh 'Baineann M'Fhiosrú le' agus ansin an rogha is gaire ó 'Agus níos beaichte'. De rogha air sin, féadtar dul i dteagmháil leis an Líne Chabhrach d'Fhostóirí ar 01 – 7383638 chun cabhair a fháil.